**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0257/2020**

14.9.2020

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

chun an díospóireacht maidir leis na ráitis ón gComhairle agus ón gCoimisiún a thabhairt chun deiridh

de bhun Riail 132(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le Covid-19: Comhordú AE ar mheasúnuithe sláinte agus aicmiú riosca, agus na hiarmhairtí do Schengen agus don mhargadh aonair
(2020/2780(RSP))

**Esther de Lange, Andreas Schwab, Peter Liese, Roberta Metsola**
thar ceann Ghrúpa PPE

**B9-0257/2020**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le COVID-19: Comhordú AE ar mheasúnuithe sláinte, aicmiú riosca, agus na hiarmhairtí do Schengen agus don mhargadh aonair (2020/YYYY(RSP))**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'Airteagail 67, 114 agus 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don rún uaithi an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac[1],

– ag féachaint don rún uaithi an 19 Meitheamh 2020 maidir leis an staid i limistéar Schengen tar éis ráig COVID-19[2],

– ag féachaint don rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir le straitéis sláinte poiblí AE i ndiaidh COVID-19[3],

– ag féachaint do Riail 132(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí, i roinnt Ballstát, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na gcásanna de COVID-19 ó mhí an Mheithimh i leith, agus de bhrí go ndeir na húdaráis náisiúnta agus saineolaithe eile go bhfuil nasc suntasach idir an méadú sin agus an méadú ar thaisteal le linn an tsamhraidh;

B. de bhrí go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe ag na Ballstáit chun nach mbainfí an bonn ó inchreidteacht na mbeart chun COVID-19 a chomhrac;

C. de bhrí, maidir leis na srianta ar an tsaorghluaiseacht a chur na Ballstáit i bhfeidhm, nach i gcónaí a bhí siad i gcomhréir leis na leibhéil riosca iarbhír, mar i roinnt cásanna, rinneadh srianta diana, amhail dúnadh teorannacha, a fhorchur i dtíortha ina raibh rátaí ísle ionfhabhtuithe,

D. de bhrí gur colúin bhunriachtanacha de na ceithre shaoirse iad saorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí, ar colúin iad a bhfuil feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh bunaithe orthu;

E. de bhrí nach mór sláine limistéar Schengen a chaomhnú;

F. de bhrí le linn thréimhse an tsamhraidh a ghabh tharainn gur eisigh na Ballstáit srianta neamhchomhordaithe ar shaorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas, maidir le géarchéim sláinte COVID-19; de bhrí go bhfuil ilroinnt mhór á déanamh ag na bearta

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0054.
[2] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0175.
[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0205.

sin go léir ar an margadh inmheánach;

G. de bhrí, ó thosaigh COVID-19 ag leathadh ar bhonn níos leithne in AE níos luaithe i mbliana, go bhfuil an Pharlaimint ag iarraidh arís agus arís eile ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta comhchuibhithe a ghlacadh maidir le saorghluaiseacht daoine agus earraí laistigh den mhargadh inmheánach;

H. de bhrí gur thug roinnt Ballstát isteach srianta onnmhairithe ar threalamh cosanta pearsanta áirithe ag tús na chéad ráige de phaindéim COVID-19; de bhrí gur den ríthábhacht é go mbeidh treoir maidir le bonneagar criticiúil trasteorann ann lena n-áiritheofar soláthar earraí agus seirbhísí criticiúla ríthábhachtacha i ngach Ballstát de AE i gcónaí;

I. de bhrí gur moladh sa togra ón gCoimisiún go mbeadh cur chuige comhordaithe i leith an tsriain ar shaorghluaiseacht mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19[4];

J. de bhrí gur gá don Aontas pleanáil roimh ré d'uirlisí nua lena gcuirfí ar a chumas aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 a d'fhéadfadh leanúint agus/nó ar ghéarchéim eile den chineál céanna;

***Dearcadh gearrthéarmach: Bearta comhchuibhithe a bhfuil géarghá leo sa mhargadh inmheánach***

1. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú ar líon na gcásanna de COVID-19 i roinnt Ballstát ó mhí an Mheithimh agus á iarraidh go dtabharfadh na Ballstáit freagairt i bhfad níos comhordaithe chun inchreidteacht na mbeart a mhéadú, rud a dhéanfadh éifeachtúlacht na mbeart a mhéadú chun an phaindéim a chomhrac;

2. á chur i bhfios go láidir, i gcomhthéacs an mhéadaithe atá tagtha le déanaí ar líon na gcásanna de COVID-19 ar fud AE, go bhfuil gníomhaíochtaí nua éagsúla agus neamhchomhordaithe déanta ag na Ballstáit an athuair maidir le saorghluaiseacht do dhaoine agus iad ag taisteal ó thíortha eile de chuid AE nó ag taisteal chucu agus i gcásanna áirithe inar dúnadh a dteorainneacha; ag tabhairt le fios go bhfuil gach Ballstát tar éis a bhearta náisiúnta féin a chur i bhfeidhm – coraintín éigeantach nó molta ina measc (a mhaireann 7 lá, 10 lá nó 14 lá), agus/nó torthaí diúltacha ar thástálacha imoibrithe shlabhrúil polaiméaráise (PCR) ar theacht isteach (lena gceanglaítear go ndéanfar an tástáil idir 48 agus 72 uair an chloig roimh an taisteal sin), mar aon le foirmeacha aimsithe taistealaí, úsáid éagsúil a bhaint as dathchódú agus critéir chun réimsí riosca a shainiú, agus bearta éagsúla maidir le húsáid masc aghaidhe – gan aon chineál comhordaithe ar leibhéal AE agus, ar an gcaoi sin go ndéantar spás coiteann AE s'againne a ilroinnt agus an margadh inmheánach a laghdú, agus srian a chur ar an tsaorghluaiseacht;

3. á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an tionscnamh ón gCoimisiún moladh ón gComhairle a mholadh maidir le cur chuige comhordaithe i leith saorghluaiseacht a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, cé gur oth léi nár léiríodh an tionscnamh sin níos luaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún mar ábhar práinne tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tionscnamh sin, agus bearta comhchuibhithe féideartha a

[4] COM(2020)0499.

mholadh do na Ballstáit, lena n-áirítear foirm aonair aimsithe taistealaí AE, a mbeidh sé d'aidhm leo muinín a chothú i gcóras faireacháin uile-AE;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an athuair mar ábhar práinne comhar tiomnaithe, struchtúrtha agus éifeachtach a shaothrú sa chomhthéacs sin; á chreidiúint leis an gcomhar sin gur cheart go mbeifí in ann a mheas an bhfuil gá le bearta comhordaithe agus comhchuibhithe maidir le haon srian laistigh de limistéar Schengen agus aon srian ar shaorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí laistigh den Aontas i ngeall ar ghéarchéim COVID-19 agus i ngeall ar fhorbairt na géarchéime sin, agus gur cheart ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a chosc, agus ar an gcaoi sin deimhneacht a áirithiú do shaoránaigh agus ghnólachtaí AE i ngach gné dá saol laethúil agus bearta náisiúnta neamh-chomhordaithe a sheachaint amach anseo;

5. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór sláine limistéar Schengen a chaomhnú, agus nach mór don Choimisiún aon srian a d'fhéadfadh a bheith ann a údarú chun go mbeidh sé comhoiriúnach le sláine limistéar Schengen;

6. á chur i bhfáth gur cheart do na Ballstáit, chun bearta sriantacha a chomhchuibhiú le saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas, tagairt a dhéanamh do na tacair sonraí oifigiúla chéanna, na critéir chéanna a úsáid, agus teacht ar chomhaontú maidir leis an gcur chuige céanna atá bunaithe ar réigiúin seachas ar thíortha ina n-iomláine; is díol sásaimh di an cur chuige a ghlac an Coimisiún sa mholadh ón gComhairle atá beartaithe, agus ag tabhairt le fios go bhféadfaidh na tacair sonraí a chuireann an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ar fáil an bonn oifigiúil is gá a sholáthar do na bearta comhchuibhithe sin;

7. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh na Ballstáit in ann acmhainní a chomhthiomsú, lena n-áirítear acmhainneachtaí monaraíochta, chun freastal ar an éileamh méadaithe san Aontas ar threalamh cosanta pearsanta, aerálaithe agus trealamh leighis eile, soláthairtí saotharlainne agus táirgí díghalráin, rud a chuideodh freisin le stoc-charn straitéiseach rescEU a neartú;

8. ag tabhairt le fios gur den riachtanas é go bhfuiltear tiomanta do bhearta comhchuibhithe lena ndéantar an mhuinín a athbhunú idir na Ballstáit chun go bhféadfar saorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí laistigh den mhargadh inmheánach a atosú; á chur i bhfáth gur cheart na hacmhainneachtaí tástála i ngach Ballstát a mhéadú tuilleadh chun go bhféadfar taistealaithe a thástáil; á chreidiúint go bhfuil infheistíocht i mear-thástáil COVID-19 do dhaoine a bhíonn ag taisteal idir na Ballstáit, go háirithe dóibh siúd a bhíonn ag taisteal mar chuid dá ngníomhaíochtaí rialta, ríthábhachtach; ag tathant ar na Ballstáit aitheantas frithpháirteach a thabhairt do thorthaí PCR a chéile chun nach gcruthófar bacainní breise ar shaorghluaiseacht, lena n-áirítear ceanglais aistriúcháin; á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas an bhféadfaí úsáid níos leithne a bhaint as tástálacha neamhchostasacha 15 nóiméad;

9. á thabhairt chun suntais gur cúis imní é an laghdú atá ag teacht ar chomhlíonadh beart frith-COVID, an phaindéim a bheith á séanadh agus feachtais frithvacsaínithe, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar cheart gach duine cinneadh a dhéanamh maidir lena c(h)óireáil féin;

10. á mheabhrú go bhfuil aipeanna rianaithe COVID-19 forbartha ag an gcuid is mó de na

Ballstáit; á chur in iúl go bhfuil coinne aici go gcuirfear idir-inoibritheacht na n-aipeanna sin chun feidhme ar leibhéal an Aontais faoi mhí Dheireadh Fómhair ionas go n-áiritheofar rianú COVID-19 ar fud an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na saoránaigh a spreagadh tuilleadh chun na haipeanna sin a úsáid, ar aipeanna iad ar cheart dóibh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh go hiomlán;

11. ag tabhairt le fios an tábhacht a bhaineann le comhchuibhiú do réigiúin teorann ina bhfuil líon ard comaitéirí idir dhá Bhallstát éagsúla; ag tabhairt le fios go bhfuil tionchar díréireach diúltach ag dúnadh na dteorainneacha ar an ngeilleagair agus ar shaol na ndaoine sna réigiúin sin, agus go bhfuil díolúintí agus oiriúnuithe sonracha ar na rialacha do na réigiúin sin tugtha isteach ag roinnt Ballstát; á iarraidh ar na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar na cásanna sin, agus obair a dhéanamh freisin ar chomhchuibhiú na mbeart sonrach sin; á chreidiúint go rachaidh comhchuibhiú níos fearr ar na rialacha maidir le gluaiseacht sna réigiúin teorann go mór chun tairbhe d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ina iomláine agus do limistéar Schengen, agus, dá bhrí sin, don Aontas ina iomláine;

12. ag athdhearbhú an gá atá le beartas trádála de chuid an Aontais a shaothrú atá dírithe ar uathriail straitéiseach oscailte lena dtacaítear le héagsúlú agus athléimneacht i slabhraí soláthair, a mbeidh córas iltaobhach trádála atá oscailte agus riailbhunaithe ina chroílár, chun a áirithiú go mbeidh táirgí ar fáil ar fud an domhain, agus go gcomhlánófar é le ciste straitéiseach um éagsúlú an tslabhra soláthair chun tacú go gníomhach le cuideachtaí an Aontais;

13. á chur i bhfios go láidir nach féidir ná inmhianaithe i ngeilleagar domhanda gach slabhra soláthair a aisdúichiú go hiomlán; ag cur béim ar an bhfíoras gurb iad líonra leathan de chomhaontuithe saorthrádála (FTAnna) cothroma arna gcur chun feidhme go maith, mar aon le córas iltaobhach trádála lánfheidhmiúil a bhfuil an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus Comhlacht Achomhairc oibríochtúil ina chroílár, an bealach is fearr chun a ráthú go mbeidh foinsí iomadúla monaraíochta do thairgí bunriachtanacha ar fáil, agus go mbeidh caighdeáin rialála ag teacht le chéile ar fud an domhain, rud lena n-áiritheofar creat láidir domhanda don nuálaíocht agus lena gcomhlánófar táirgeadh na hEorpa;

***Dearcadh fadtéarmach: plean straitéiseach don todhchaí le huirlisí nua***

14. á mheabhrú sa chéad chuid de thréimhse na dianghlasála de phaindéim COVID-19 níos luaithe i mbliana, go raibh an tAontas agus an margadh inmheánach fágtha ina staic go pointe áirithe agus go raibh iarmhairtí móra aige sin do shaoránaigh an Aontais agus dá gheilleagar toisc nach bhféadfadh earraí riachtanacha amhail bia, feistí leighis nó trealamh cosanta gluaiseacht, agus go raibh saorghluaiseacht, fiú do dhaoine a bhí ag obair i gcúram sláinte agus i seirbhísí riachtanacha eile, ar fionraí; á chreidiúint go daingean gur cheart don Aontas foghlaim ón taithí sin, agus plean straitéiseach á úsáid aige ina mbeidh na huirlisí comhchuibhithe agus comhordaithe is gá chun aghaidh a thabhairt ar chásanna comhchosúla chun nach mbeidh sé fágtha ina staic nó chun nach dtarlóidh cur isteach eile ar an margadh inmheánach ina iomláine agus ar limistéar Schengen agus – ar deireadh – ar an Aontas ina iomláine;

15. á chur in iúl an athuair go bhfuil sé ríthábhachtach do shaol laethúil na ndaoine go mbeidh earraí bunriachtanacha, amhail bia, feistí leighis nó trealamh cosanta, á seachadadh ar fud an Aontais i gcónaí; á iarraidh ar an gCoimisiún togra a chur chun cinn le haghaidh treoir uasghrádaithe maidir le bonneagar criticiúil trasteorann chun a áirithiú go leanfar de shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí riachtanacha laistigh den mhargadh inmheánach tráth géarchéime amhail paindéim;

16. á mheabhrú go bhfuil camscéimeanna a bhaineann le COVID-19 agus le táirgí neamhshábháilte i gcúrsaíocht laistigh den mhargadh inmheánach agus go raibh siad thar a bheith coitianta tráth ar thit an ghéarchéim amach níos luaithe i mbliana, rud a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do thomhaltóirí; á athdhearbhú gur cheart go n-áiritheofaí leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus leis an athbhreithniú ar an reachtaíocht reatha maidir le sábháilteacht táirgí go bhféadfadh ardáin ar líne gníomhú chun mí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcoinne tomhaltóirí a chosc; ag tabhairt le fios, cé gur tugadh an chéad chéim i dtreo na cibearshlándála uile-Eorpaí leis an Treoir um Sheirbhísí Líonra agus Faisnéise, a cuireadh borradh fúithi leis an nGníomh um Chibearshlándáil, is é an ní atá ag teastáil, i ndiaidh na géarchéime, ná dearcadh iomlánaíoch ar an gcibearshlándáil agus ar na seirbhísí criticiúla ábhartha uile; á iarraidh ar an gCoimisiún an próiseas a neartú agus a bhrostú chun ionstraimí a chruthú lena n-áiritheofar athléimneacht bonneagar digiteach fíor-riachtanach uile-Aontais;

17. á iarraidh ar an ar an gCoimisiún rialachas Schengen a athchóiriú i bhfianaise dúshláin nua amhail COVID-19; á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí lánpháirtiú na mBallstát uile i limistéar Schengen a thabhairt chun críche, chun go mbeidh feidhm go comhionann ag bearta comhordaithe agus comhchuibhithe ar fud an Aontais agus chun go rachaidh siad chun tairbhe na saoránach uile atá ina gcónaí ann;

°

° °

18. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán an Choimisiúin, chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus chuig Uachtaránacht-in-Oifig na Comhairle.